Socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích 2026/2027

Bealtaine 2026

I mí na Samhna 2025, dheimhnigh an tAire Oideachais agus Óige ag an am nach mbeidh ar scoláirí ach Measúnú Rangbhunaithe (MRB) amháin a dhéanamh i mbliana seachas an dá cheann agus nach mbeidh orthu na Tascanna Measúnaithe a chríochnú in ábhair ábhartha.

Leagtar amach sa nóta seo na socruithe MRB do scoláirí a thosóidh sa dara agus sa tríú bliain i mí Mheán Fómhair 2026.

Cohórt Scoláirí 2024 – 2027 (an scoláire sa tríú bliain in 2026/2027)

Beidh na socruithe measúnaithe athbhreithnithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Ní mór do gach scoláire íosmhéid de MRB amháin a chomhlánú i ngach ábhar agus MRB amháin i ngach gearrchúrsa. Ní bheidh ar scoláirí ón gcohórt seo Tascanna Measúnaithe a chomhlánú.
- Tá neamhspleáchas ag scoileanna cinneadh a dhéanamh cibé acu ceann amháin nó dhá MRB a chomhlánú i ngach ábhar.
- Beidh roinnt eisceachtaí ann maidir leis na roghanna a dhéanfaidh scoileanna:

    1. Chun measúnú a chinntiú ar scileanna cumarsáide ó bhéal i dTeangacha Iasachta Nua-Aimseartha, ní mór do scoláirí MRB 1: Cumarsáid Ó Bhéal i dTeangacha Iasachta Nua-Aimseartha a dhéanamh;

        agus

    2. Chun measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal sa Ghaeilge a chinntiú, ní mór do scoláirí MRB 2: Ag idirghníomhú trí Ghaeilge a dhéanamh

    3. Ós rud é go bhfuil sé nasctha i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do scoláirí atá ag déanamh staidéir ar Ealaín Amhairc, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaicí, agus Teicneolaíocht Adhmaid MRB 2 a chríochnú.

Nóta: san Ealaín Amhairc, ní mór MRB amháin a chur i láthair i 3T de ghnáth. Déantar an riachtanas seo a tharscaoileadh do scoláirí sa tríú bliain in 2026/27

- I gCorpoideachas, ní mór do scoláirí sa tríú bliain in 2026/27 MRB amháin ar a laghad a chríochnú.

Ba é mí na Bealtaine 2026 an dáta deiridh chun MRB1 a chríochnú i ngach ábhar.

Ní mór Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnú laistigh den tréimhse ama atá leithdháilte (m.shp: 3 seachtaine, 4 seachtaine) mar atá sonraithe sna Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar. Ba chóir cruinniú an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a bheith ar siúl tráth nach déanaí ná mí tar éis an MRB a chríochnú.

Cohórt Scoláirí 2024 – 2027 (an scoláire sa tríú bliain in 2026/2027)

Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid[1] (riachtanach)

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 2 Deireadh Fómhair, 2026
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 9 Deireadh Fómhair, 2026
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 16 Deireadh Fómhair, 2026

Measúnú Rangbhunaithe 2 san Amharc-ealaín

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 13 Samhain, 2026
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé hAoine, 20 Samhain, 2026
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 27 Samhain, 2026

[1] Eiseofar treoir nó cáipéis tionscadail ábhartha d'ábhair a bhaineann le teicneolaíochtaí láithreach i ndiaidh an dáta a chuirfear MRB2 i gcrích.

Measúnú Rangbhunaithe 2 i nGaeilge, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 12 Feabhra, 2027
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Luain, 26 Feabhra, 2027
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 5 Márta, 2027

Measúnú Rangbhunaithe 2 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Léann Clasaiceach, Oideachas Reiligiúin, Staidéar Giúdach

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Déardaoin, 9 Aibreán 2027
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Luain, 16 Aibreán 2027
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 23 Aibreán, 2027

Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Chorpoideachas

An dáta deiridh chun é a chur i gcrích	Dé hAoine, 30 Aibreán, 2027
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Luain, 10 Bealtaine, 2027
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé hAoine, 14 Bealtaine, 2027

Cohórt Scoláirí 2025 – 2028 (an scoláire sa dara bliain in 2026/2027)

Ní mór Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnú laistigh den tréimhse ama atá leithdháilte (m.shp: 3 seachtaine, 4 seachtaine) mar atá sonraithe sna Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar. Ba chóir cruinniú an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a bheith ar siúl tráth nach déanaí ná mí tar éis an MRB a chríochnú.

Measúnú Rangbhunaithe 1 i ngach ábhar

Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích	Dé Luain, 19 Deireadh Fómhair, 2026– Dé hAoine, 30 Aibreán, 2027
An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha	Dé Céadaoin, 12 Bealtaine, 2027
An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh	Dé Céadaoin, 19 Bealtaine, 2027

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach: *Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach* le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2026/2027, atá ar fáil anseo.

Féach chomh maith: *Comhairle maidir le measúnuithe rangbhunaithe a sceidealú sa tSraith Shóisearach*, atá ar fáil anseo